III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

AN BANC CEANNAIS EORPACH

Tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach

an 5 Meán Fómhair 2022

ar thogra le haghaidh rialachán maidir le rialacha comhchuibhithe i ndáil le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí (an Gníomh Sonraí)

(CON/2022/30)

(2022/C 402/05)

Réamhrá agus bunús dlí

An 23 Feabhra 2022 ghlac an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchuibhithe i ndáil le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí (an Gníomh Sonraí) ([1]) (dá ngairtear "an rialachán atá beartaithe" anseo feasta). Measann an Banc Ceannais Eorpach (BCE) go dtagann an rialachán atá beartaithe faoina raon feidhme inniúlachta, agus dá bhrí sin, chinn sé feidhm a thabhairt dá cheart, mar a fhoráiltear sa dara habairt d'Airteagal 127(4) agus in Airteagal 282(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a thuairim a thíolacadh.

Tá inniúlacht BCE tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagail 127(4) agus 282(5) den Chonradh ós rud é go bhfuil forálacha sa rialachán atá beartaithe lena ndéantar difear do chúraimí BCE maidir leis an mbeartas airgeadaíochta a shainiú agus a chur chun feidhme agus oibriú rianúil córas íocaíochta a chur chun cinn de bhun na chéad fhleisce agus an cheathrú fleasc d'Airteagal 127(2) agus Airteagal 282(1) den Chonradh, agus bailiú faisnéise staidrimh de bhun Airteagal 5 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (dá ngairtear "Reacht CEBC" anseo feasta). I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, ghlac an Chomhairle Rialaithe an tuairim sin.

1. **Barúlacha ginearálta**

1.1 Is gné thábhachtach é an rialachán atá beartaithe de chur i ngníomh na straitéise Eorpaí maidir le sonraí ([2]). Trí chreat dlíthiúil láidir a chruthú, éascófar forbairt gheilleagar sonraí na hEorpa. Dá bhrí sin, is geal le BCE an rialachán atá beartaithe agus tabhairt isteach an chreata le haghaidh rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí a dhíorthaítear ó fhoinsí san earnáil phríobháideach lena n-áirítear ceanglais maidir le comhroinnt sonraí, trédhearcacht agus cosaint na rúndachta.

1.2 Is geal le BCE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an rialachán atá beartaithe dhá bhliain tar éis dháta a chur i bhfeidhm ([3]). Ba cheart go gcumhdófaí leis an meastóireacht éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chreata theicniúil agus na nósanna imeachta arna gcur ar bun chun an rialachán atá beartaithe a chomhlíonadh.

1.3 Is rialachán cothrománach é an rialachán atá beartaithe lena leagtar síos rialacha bunúsacha a mbeidh feidhm acu maidir le gach earnáil, agus ar cheart, i bprionsabal, don reachtaíocht earnáilsonrach a bheidh ann amach anseo a bheith ailínithe leo, lena n-áirítear reachtaíocht a thagann faoi réimsí inniúlachta BCE, amhail Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) (dá ngairtear "PSD2" anseo feasta). Is den tábhacht é

([1]) COM(2022) 68 final.
([2]) COM(2020) 66 final.
([3]) Féach Airteagal 41 den rialachán atá beartaithe.
([4]) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

tuairim BCE maidir leis an rialachán cothrománach sin a bhreithniú, ós rud é gur dócha go mbeidh impleachtaí aige ó thaobh reachtaíocht earnáilsonrach a bhféadfadh BCE tuairimí breise a ghlacadh ina leith nuair a bheidh an reachtaíocht sin á leasú.

1.4 D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh reachtaíochta chun rialacha atá níos mionsonraithe ná na rialacha atá sa rialachán atá beartaithe a leagan síos chun cead a thabhairt do BCE rochtain a bheith aige ar shonraí a bhfuil gá leo chun tabhairt faoina chúraimí. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar BCE tuilleadh tuairimí a ghlacadh maidir le haon reachtaíocht den sórt sin.

1.5 Is faoin gCoimisiún Eorpach agus faoi reachtóirí an Aontais atá sé measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht an rialacháin atá beartaithe i dtaca le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí.

2. **Barúlacha sonracha**

2.1 *Raon feidhme an rialacháin atá beartaithe*

2.1.1 Is é is aidhm don rialachán atá beartaithe an rochtain ar shonraí a fhaightear ó úsáid táirgí nó seirbhísí gaolmhara agus úsáid na sonraí sin a rialáil agus a éascú. Sainmhínítear an téarma "táirge" mar ítim inláimhsithe shochorraithe, lena n-áirítear i gcás ina gcorpraítear é in ítim dhochorraithe, lena bhfaightear, lena ngintear nó lena mbailítear sonraí a bhaineann lena úsáid nó lena thimpeallacht, agus ar féidir leis sonraí a chumarsáidiú trí sheirbhís cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí, agus nach é a phríomhfheidhm sonraí a stóráil agus a phróiseáil ([5]). Cé gur cosúil go bhfuil an sainmhíniú leathan sin i gcomhréir leis an aidhm atá leis an rialachán atá beartaithe, is é sin luach na sonraí do thomhaltóirí, do ghnólachtaí agus don tsochaí ([6]) a mhéadú, d'fhéadfadh cineálacha áirithe sonraí, amhail sonraí arna dtáirgeadh ag an earnáil phoiblí, teacht faoina raon feidhme. Ba cheart raon feidhme an rialacháin atá beartaithe a shoiléiriú chun cineálacha áirithe sonraí a eisiamh, amhail sonraí arna dtáirgeadh ag an earnáil phoiblí.

2.1.2 I gcomhthéacs seirbhísí airgeadais, molann BCE go soiléireofaí cé na táirgí a d'fhéadfaí a chumhdach leis an sainmhíniú atá sa rialachán atá beartaithe. D'fhéadfaí seirbhísí airgeadais nó táirgí gaolmhara, amhail cuntais íocaíochta, cártaí íocaíochta agus aipeanna ar fhón cliste úsáideora, a chumhdach leis na sainmhínithe ar "táirge" agus ar "seirbhís ghaolmhar" atá sa rialachán atá beartaithe. Thairis sin, sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an rialachán atá beartaithe tagraítear do PSD2 mar shampla de reachtaíocht earnáilsonrach lena ndéileáiltear le rochtain ar shonraí. Déileáiltear in PSD2 le rochtain ar chuntais íocaíochta atá inrochtana go leictreonach. Ní léir an meastar na cuntais íocaíochta sin a bheith ina dtáirgí mar a shainmhínítear sa rialachán atá beartaithe. Is mian le BCE aird a tharraingt ar chastacht agus ar éagsúlacht na staideanna a tharlaíonn go hiarbhír i réimse na seirbhísí agus na n-uirlisí íocaíochta, agus nár cheart go gcruthófaí leis an rialachán atá beartaithe srianta agus castachtaí neamh-intuartha sa réimse seo. Níor cheart go dtiocfadh ach táirgí atá i seilbh an úsáideora faoi raon feidhme an rialacháin atá beartaithe.

2.2 *Caighdeánú*

2.2.1 Ní bhaineann an rialachán atá beartaithe le cur chun feidhme teicniúil an chreata dhlíthiúil maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí. Léiríodh san anailís a rinneadh ar na haighneachtaí a tíolacadh faoin gcomhairliúchán poiblí maidir leis an rialachán atá beartaithe gurb amhlaidh, sa chomhthéacs "gnólacht le gnólacht", a shonraigh 69 % de na freagróirí a raibh deacrachtaí acu go raibh bacainní teicniúla (formáidí, easpa caighdeán) ann. Ceann de na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme PSD2, lena dtugtar rochtain freisin ar chineálacha áirithe faisnéise idirbhirt íocaíochta agus faisnéise cuntais faoi dhálaí áirithe, is ea go mbíonn moill ar bhaint amach chuspóirí PSD2 mar thoradh ar an gcur chun feidhme teicniúil. Chun deireadh a chur le bacainní ar athrú idir seirbhísí próiseála sonraí, ba cheart go gceanglófaí leis an rialachán atá beartaithe ar chomhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú na caighdeáin riachtanacha agus na sonraíochtaí idir-inoibritheachta oscailte a fhorbairt. Thairis sin, leis an rialachán atá beartaithe, ceanglaítear ar an gCoimisiún sonraíochtaí comhchoiteanna a ghlacadh i réimsí nach bhfuil aon chaighdeáin chomhchuibhithe ann nó nach leor iad chun idir-inoibritheacht a fheabhsú tuilleadh do na spásanna coiteanna Eorpacha sonraí, do chomhéadain feidhmchláir ("APInna"), do sholáthraithe seirbhíse próiseála sonraí, don néalathrú agus do chonarthaí cliste. Níor cheart gannmheastachán a dhéanamh ar an deacracht a bhaineann leis an obair atá romhainn ná ar an líon blianta a bheidh ag teastáil chun an obair sin a chur i gcrích.

2.2.2 Mura ndéantar caighdeánú ar shonraí leis an rialachán atá beartaithe, d'fhéadfadh sé a bheith deacair measúnú a dhéanamh ar a úsáidí atá sonraí i gcásanna ina bhfuil gá eisceachtúil leo. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sonraí neamhchaighdeánaithe a bheith do-úsáidte chun críocha cinnteoireachta.

([5]) Féach Airteagal 5(2) den rialachán atá beartaithe.
([6]) Féach aithris 1 den rialachán atá beartaithe.

2.3 *Rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí ag BCE*

2.3.1 Tá buntáistí suntasacha ag baint le ligean don earnáil phoiblí rochtain a fháil ar shonraí atá i seilbh phríobháideach agus iad a úsáid le haghaidh roinnt cuspóirí sainithe a bhaineann le leas an phobail. Thar aon ní eile, agus a chúraimí beartais airgeadaíochta á ndéanamh aige, baineann an tEurochóras úsáid fhorleathan as staidreamh oifigiúil arna tháirgeadh ag BCE, ag baill an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus ag an gCóras Staidrimh Eorpach (CSE), chomh maith le foinsí sonraí neamhoifigiúla agus neamhthraidisiúnta. Féadfar a áireamh i bhfoinsí sonraí neamhthraidisiúnta táscairí soghluaisteachta daonra ardmhinicíochta atá bunaithe ar shonraí oibreoirí líonraí móibíleacha, ar féidir iad a úsáid, mar shampla, chun éifeachtaí na nithe seo a leanas a fhíorú: innéacsanna praghsanna do thomhaltóirí bunaithe ar shonraí scanóra ó mhór-mhiondíoltóirí; agus staidreamh maidir le tomhaltas teaghlach nó cuntais náisiúnta arna dtacú le sonraí idirbheart airgeadais amhail orduithe ceannaigh, sonraisc, muirir chárta agus iontrálacha leabhair cúnta. Thairis sin, le blianta beaga anuas, de bharr an digitithe agus an bhainistithe géarchéime, tá méadú tagtha ar an ngá atá ann go mbainfeadh comhlachtaí cinnteoireachta BCE úsáid as sonraí neamhchaighdeánacha sa chinnteoireacht, go háirithe: (1) i staideanna éigeandála agus géarchéime agus iad ag tabhairt faoina gcúraimí beartais airgeadaíochta; agus (2) chun críocha staidrimh, chun tástáil a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí neamhchaighdeánacha sula n-achtaítear nó sula leasaítear gníomhartha dlí a bhaineann le bailiú faisnéise staidrimh nó le hinúsáidteacht na faisnéise sin sula dtarlaíonn staideanna éigeandála nó géarchéime.

2.3.2 Ar na cúiseanna sin, measann BCE gur cheart an rochtain a thugtar do BCE agus do BCNanna a bheith níos leithne ná mar a bheartaítear sa rialachán atá beartaithe. Ba cheart cead a thabhairt do chomhaltaí CEBC rochtain a fháil ar shonraí a thagann faoi raon feidhme an rialacháin atá beartaithe agus iad a úsáid, ní hamháin nuair a thagann gá eisceachtúil leis na sonraí a úsáid chun tabhairt faoi chúraimí CEBC, ach chun críocha staidrimh freisin, i gcás ina gcuideodh sé sin le BCE staidreamh oifigiúil a bhailiú le cúnamh ó na BCNanna. Chuideodh sé sin le BCE dá réir sin agus é ag rannchuidiú le comhchuibhiú na rialacha agus na gcleachtas lena rialaítear bailiú, tiomsú agus dáileadh staidrimh sna réimsí laistigh dá réimsí inniúlachta. Bheadh sé an-tairbheach d'úsáideoirí deiridh iarrataí ar shonraí a dhéanamh chun críocha staidrimh ós rud é go bhféadfaí dá chionn sin anailís a dhéanamh ar na sonraí chun treochtaí/patrúin a shainaithint agus chun am a shábháil sula nglactar rialacháin agus go gcabhrófaí le hanailís a dhéanamh ar riachtanais sonraí CEBC le haghaidh staideanna éigeandála nó géarchéime. Ina dhiaidh sin féin, is den ríthábhacht é go mbeidh coimircí ag gabháil le rochtain níos leithne chun a áirithiú nach ndéantar sonraí a rochtain agus a úsáid ach amháin a mhéid agus ar leibhéal an mhionsonraithe is gá chun cúraimí reachtúla a chomhlíonadh, amhail staidreamh oifigiúil a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh, agus go ndéanfaidh institiúidí an Aontais agus comhlachtaí earnála poiblí na bearta rialála, riaracháin, teicniúla agus eagraíochtúla uile is gá a chur i bhfeidhm chun cosaint na sonraí a áirithiú.

2.3.3 Ina theannta sin, cé go bhfuil na sonraí a chuirtear ar fáil chun freagairt d'éigeandáil phoiblí le soláthar saor in aisce, d'fhéadfadh na sonraí a chuirtear ar fáil d'institiúidí, do ghníomhaireachtaí nó do chomhlachtaí an Aontais agus do chomhlachtaí na hearnála poiblí i gcásanna eile a bheith faoi réir cúiteamh a fháil ó na sealbhóirí sonraí. Níor cheart don chúiteamh a bheith níos mó ná na costais theicniúla agus eagraíochtúla a thabhaítear agus na sonraí á soláthar, is é sin le rá, na costais a bhaineann le hanaithnidiú agus le hoiriúnú teicniúil gan aon chorrlach réasúnta a chur i bhfeidhm. Nuair a dheonaítear rochtain dóibh ar shonraí atá i seilbh phríobháideach, níor cheart d'institiúidí an Aontais costais mhíréasúnta a thabhú. Agus é a aithint gur le leas an phobail gach iarraidh ar fhaisnéis, ba cheart sonraí a chur ar fáil ar an gcostas iarbhír agus gan "corrlach réasúnta" a fhorchur, go háirithe i gcásanna ina ndéantar an corrlach réasúnta a mhuirearú níos mó ná uair amháin i leith na sonraí céanna nó i gcás, de bharr acmhainní teoranta, ina bhféadfadh sé a bheith dodhéanta sonraí a fháil de bharr corrlach réasúnta a bheith á fhorchur.

2.4 *Úsáid sonraí arna bhfáil ag institiúidí an Aontais chun críocha staidrimh*

2.4.1 Leis an rialachán atá beartaithe, ([7]) ceadaítear do chomhlachtaí na hearnála poiblí nó d'institiúidí, gníomhaireachtaí nó comhlachtaí an Aontais sonraí a fhaightear a chomhroinnt le daoine aonair nó le heagraíochtaí chun taighde eolaíoch nó anailísíocht a dhéanamh atá comhoiriúnach leis an gcuspóir dár iarradh na sonraí, agus a chomhroinnt le hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus le Eurostat chun staidreamh oifigiúil a thiomsú. Le haithrisí an rialacháin atá beartaithe, ([8]) leathnaítear an ceart sin trína shoiléiriú go bhféadfadh gá eisceachtúil teacht chun cinn freisin i ndáil le tiomsú tráthúil staidrimh oifigiúil mura bhfuil sonraí ar fáil ar bhealach eile nó má laghdaítear go mór an t-ualach ar fhreagróirí staidrimh.

([7]) Féach Airteagal 21 den rialachán atá beartaithe.
([8]) Féach aithris 58 den rialachán atá beartaithe.

2.4.2 Ba cheart an rialachán atá beartaithe a leasú ionas go mbeidh BCE agus baill eile de CEBC in ann úsáid shonrach a bhaint as sonraí a fhéadfaidh siad a fháil i gcomhréir leis an rialachán atá beartaithe chun staidreamh oifigiúil a thiomsú faoi mar a cheadaítear do Eurostat agus do bhaill eile CSE. Is iad CEBC agus CSE dhá cholún an Staidrimh Eorpaigh toisc go ndéanann siad, i dteannta a chéile, an staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach; agus an staidreamh Eorpach á tháirgeadh acu, oibríonn siad i ndlúthchomhar lena chéile chun an t-ualach tuairiscithe a íoslaghdú agus chun an comhleanúnachas is gá ([9]) a ráthú i gcomhréir le prionsabail an staidrimh, lena n-áirítear prionsabal na hardcháilíochta aschuir. A mhéid atá Eurostat agus baill eile de CSE i dteideal na sonraí a fhaightear i gcomhréir leis an rialachán atá beartaithe a úsáid chun staidreamh oifigiúil a thiomsú, ba cheart an teidlíocht sin a thabhairt, mutatis mutandis, do CEBC. Thairis sin, leis an rialachán atá beartaithe, ba cheart go mbeadh BCE agus baill eile de CEBC in ann an fhaisnéis atá ar fáil do Eurostat a fháil, i gcás inar gá chun tabhairt faoi chúraimí BCE i gcás ina bhfaigheann Eurostat na sonraí sin chun críocha staidrimh. Sa chomhthéacs sin, b'fhiú an rialachán atá beartaithe a leasú tríd an téarma "staidreamh oifigiúil", a luaitear, ach nach sainmhínítear, sa rialachán atá beartaithe a shainmhíniú.

2.5 *Éigeandáil phoiblí*

2.5.1 Leis an rialachán atá beartaithe ([10]) foráiltear go bhfuil gá eisceachtúil ann go mbainfeadh comhlacht earnála poiblí nó institiúid, gníomhaireacht nó comhlacht de chuid an Aontais úsáid as sonraí a thagann faoi raon feidhme an rialacháin atá beartaithe i gcás, inter alia, gurb amhlaidh, maidir leis na sonraí arna n-iarraidh: (a) atá gá leo chun freagairt d'éigeandáil phoiblí; nó (b) atá siad teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de, agus atá gá leo chun éigeandáil phoiblí a chosc nó chun cabhrú le téarnamh ó éigeandáil phoiblí. Sainmhínítear "éigeandáil phoiblí" mar staid eisceachtúil a bhfuil tionchar diúltach aici ar phobal an Aontais, ar Bhallstát nó ar chuid de, agus an baol ann go mbeidh iarmhairtí tromchúiseacha marthanacha aici ar dhálaí maireachtála nó ar an gcobhsaíocht eacnamaíoch, nó go ndéanfar díghrádú suntasach ar shócmhainní eacnamaíocha san Aontas nó sa Bhallstát nó sna Ballstáit ábhartha. Mínítear in aithrisí an rialacháin atá beartaithe ([11]) gur féidir leis sin éigeandálaí sláinte poiblí, éigeandálaí a eascraíonn as díghrádú comhshaoil agus mórthubaistí nádúrtha a chumhdach, lena n-áirítear iad siúd ar measa iad de bharr an athraithe aeráide, chomh maith le mórthubaistí a tharlaíonn de dheasca daoine, amhail mórtheagmhais chibearshlándála.

2.5.2 D'fhéadfadh staideanna eisceachtúla a bheith ann freisin ina ndéanfaí dochar do phobal an Aontais nó do dhaonra Ballstáit agus baol ann go mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha agus marthanacha ann, ní hamháin don gheilleagar, ach don chobhsaíocht airgeadais freisin. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí orthu sin éigeandálaí sa chóras baincéireachta agus sna margaí airgeadais agus sa chóras airgeadais i gcoitinne, mar a léiríodh le déanaí le paindéim COVID-19 agus leis an gcogadh san Úcráin. Dá bhrí sin, molann BCE an sainmhíniú ar "éigeandáil phoiblí" a leathnú chun go gcumhdófaí staideanna a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chobhsaíocht an chórais airgeadais san Aontas nó sa Bhallstát nó sna Ballstáit ábhartha.

2.6 *Idir-inoibritheacht*

2.6.1 Is geal le BCE an bhéim a chuirtear ar an idir-inoibritheacht sa rialachán atá beartaithe agus ar an tábhacht a bhaineann leis an idir-inoibritheacht sa rialachán atá beartaithe ([12]) agus go dtugtar leis an rialachán atá beartaithe cumhachtaí don Choimisiún sonraíochtaí idir-inoibritheachta a ghlacadh chun idir-inoibritheacht idir spásanna coiteanna sonraí Eorpacha a áirithiú ([13]). D'fhéadfadh comhlachtaí a shocraíonn caighdeáin Eorpacha faoi láthair, in éineacht leis an gCoimisiún nó mar mhalairt air sin, caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú nó a sholáthar, a mhéid is féidir, a bhaineann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le rochtain, iniomparthacht agus idir-inoibritheacht sonraí.

([9]) Airteagal 2a de Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir le bailiú faisnéise staidrimh ag an mBanc Ceannais Eorpach (IO L 318, 27.11.1998, lch. 8) agus Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE ón gComhairle, Euratom lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87 31.3.2009, lch. 164).

([10]) Féach Airteagal 15 den rialachán atá beartaithe.

([11]) Féach aithris 57 den rialachán atá beartaithe.

([12]) Féach Caibidil VIII den rialachán atá beartaithe.

([13]) Féach Airteagal 28(6) den rialachán beartaithe.

2.6.2 Thairis sin, cé go sainítear an téarma "idir-inoibritheacht" ([14]) sa rialachán atá beartaithe, ní shainmhínítear "spás sonraí", dá dtagraítear sa sainmhíniú ar "idir-inoibritheacht". Ar an gcaoi chéanna, ní shonraítear sa rialachán atá beartaithe cad ([15]) iad "oibreoirí spásanna sonraí". Ba cheart an dá théarma a shainiú go soiléir ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil.

2.7 *Barúlacha breise*

Sa rialachán atá beartaithe, sainmhínítear "úsáideoir" mar dhuine nádúrtha nó dlítheanach ar leis nó léi táirge, a fhaigheann táirge ar cíos nó ar léas nó a fhaigheann seirbhís ([16]). Tuigtear do BCE go bhfuil sé beartaithe leis an téarma "seirbhís" sa sainmhíniú ar "úsáideoir" fáil seirbhíse *gaolmhaire* a fholú chomh maith, ós rud é nach léir dá uireasa sin cad dó a dtagraíonn an tseirbhís a luaitear sa sainmhíniú. Tugann BCE dá aire go bhfuil neamhréireacht idir an sainmhíniú agus an tuairisc a fhaightear in aithris 20 den rialachán atá beartaithe, rud a ([17]) thugann le tuiscint go gceadaítear d'úsáideoirí rochtain a fháil ar na sonraí a ghineann siad féin. Cé gur féidir leis sin a bheith simplí i gcás ina bhfuil úsáideoir aonair ann, ní léir cad a tharlaíonn i gcás ina bhfuil táirge faoi úinéireacht roinnt daoine nó eintiteas nó ina bhfuil roinnt daoine nó eintiteas ina bpáirtithe i léas nó i gcomhaontú cíosa, mar a aithnítear san aithris chéanna. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfadh sé nach iad na daoine nó na heintitis a bhfuil an táirge faoina n-úinéireacht na daoine nó na heintitis a ghineann sonraí trí bhíthin úsáid an táirge sin. Ba cheart a shonrú sa rialachán atá beartaithe gurb amhlaidh, i gcásanna den sórt sin, a fhéadfaidh na daoine nó na heintitis a bhfuil táirge faoina n-úinéireacht rochtain a fháil ar shonraí a ghintear trí bhíthin úsáid an táirge sin.

I gcás ina molann BCE go ndéanfaí an rialachán atá beartaithe a leasú, leagtar amach tograí sonracha maidir le dréachtú i ndoiciméad oibre teicniúil ar leithligh a mbeidh téacs míniúcháin chuige sin ag gabháil leis. Tá an doiciméad oibre teicniúil le fáil i mBéarla ar EUR-Lex.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 5 Meán Fómhair 2022.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

([14]) Féach Airteagal 2, pointe (19), den rialachán atá beartaithe.
([15]) Féach Airteagal 28 den rialachán atá beartaithe.
([16]) Féach Airteagal 2, pointe (5), den rialachán atá beartaithe.
([17]) Féach aithris 20 den rialachán atá beartaithe.